Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil
Ollscoil Mhá Nuad

teg
teastaseorpachnagaeilge

# Teastas Eorpach na Gaeilge

## Bonnleibhéal 1 (A1)

## Scrúdú Cainte
## Ábhair shamplacha

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

ALTE Q222

© Ollscoil Mhá Nuad

> **Note**
> In this document you'll find sample examination materials (as Gaeilge), including sample roleplay cards and sample pictures for the picture description section. For examination guidelines and a detailed description of the examination format, please see Syllabus and Guidelines for Candidates.

# An Scrúdú Cainte

**Eolas ginearálta**

- Tá 40% de mharc iomlán an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cainte.
- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith. Beidh beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Beidh duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá. Beidh an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuirfidh seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanfaidh sé/sí na tascanna a bheidh le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- Déantar gach scrúdú cainte a thaifeadadh.
- Is mar seo a leanas an leagan amach a bheidh ar an scrúdú cainte i *Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)*.

Tá trí chuid sa scrúdú:

| | |
|---|---|
| **CUID 1**<br>**Comhrá ginearálta**<br>3-4 nóiméad | Cuirtear roinnt ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (baile, teaghlach, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal, srl.). |
| **CUID 2**<br>**Rólghníomhaíocht**<br>2-3 nóiméad | • Tugann feitheoir cárta don iarrthóir cúig nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú ionas go mbeidh am aige/aici ullmhú. Tá eochairfhocail ar an gcárta a bhaineann le hábhar faoi leith: ranganna oíche, bialann nua, teach ar cíos, srl. Ní bhíonn cead ag an iarrthóir aon nótaí, aon acmhainní ná aon fhoclóirí a úsáid chun cabhrú leis/léi. Níor cheart don iarrthóir scríobh ar an gcárta.<br>• Sa scrúdú, freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir le dáta / am / áit / costas / uimhir theileafóin, srl.<br>• Ansin, cuireann an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi ábhar atá cosúil leis an gceann atá léirithe ar an rólchárta. (Féach na rólghníomhaíochtaí samplacha thíos). |

© *Ollscoil Mhá Nuad*

| | |
|---|---|
| **CUID 3**<br>**Cur síos ar phictiúr**<br>2-3 nóiméad | Tugtar pictiúr don iarrthóir agus bíonn nóiméad amháin aige/aici chun féachaint air. Iarrtar orthu cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ar siúl sa phictiúr. Léirítear daoine sa phictiúr ag glacadh páirt i ngnáthimeachtaí an lae, m.sh. ag siopadóireacht / ag dul ar bhus / ag féachaint ar an teilifís / ag obair, srl.<br>Seans go gcuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna breise ar an iarrthóir má bhíonn eolas breise ag teastáil, mar shampla, 'Cad é atá ar siúl ag X?' nó 'Cá bhfuil x?' |

***Marcáil***

- Bronnfar marcanna ar iarrthóirí as a gcuid iarrachtaí le linn iomlán an scrúdaithe agus ní bhronnfar marcanna ar thascanna faoi leith.
- Seo iad na gnéithe den teanga a ndéanfar measúnú orthu sa scrúdú cainte: Cruinneas gramadaí, Stór focal, Foghraíocht agus Cumarsáid.

Beifear ag súil le hiarrthóirí ag an leibhéal seo focail aonair agus abairtí/frásaí an-simplí ar fad a chur ar fáil. Glactar leis go mbeidh moill orthu go minic agus iad ag lorg focal nó ag déanamh a machnaimh faoi fhoirm cheart focal agus frásaí.
Beidh siad ag brath cuid mhór ar fhrásaí foirmleacha, agus seans maith go mbeidh cuid mhaith de na frásaí sin de ghlanmheabhair acu. Ba chóir go dtuigfeadh iarrthóirí caint shimplí atá mall agus an-soiléir nuair a bhaineann an t-ábhar cainte le hábhair de chuid an ghnáthshaoil. Glactar leis go mbeidh siad ag brath cuid mhór ar dhaoine eile cabhrú leo ina gcuid iarrachtaí le cumarsáid a dhéanamh.

Maidir leis an ngramadach, ba cheart d'iarrthóirí a bheith in ann na príomhghnéithe den ghramadach faoi mar atá leagtha amach in *Siollabas Bhonnleibhéal 1 (A1)* a láimhseáil go sásúil sa chaoi is go mbeidh siad in ann bunchumarsáid a dhéanamh. Is sa siollabas atá cuid mhaith den stór focal a bheidh de dhíth ar iarrthóirí le go mbeidh siad in ann cur síos simplí a dhéanamh ar ábhair a bhaineann go dlúth lena saol féin.

Ag an leibhéal seo, glactar leis go mbeidh deacrachtaí ag iarrthóirí le fuaimeanna na Gaeilge agus le trasnáil ó theanga dhúchais an iarrthóra. Bíodh sin mar atá, ní chaillfidh iarrthóirí marcanna ach amháin i gcás go gcuireann na deacrachtaí foghraíochta as don chumarsáid.

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann déileáil leis an réimse an-teoranta ceisteanna a bhíonn i gceist ag Bonnleibhéal 1 (A1). Ba chóir go mbeidís in ann déileáil le deacrachtaí tuisceana agus cumarsáide trí úsáid a bhaint as straitéisí mar seo a leanas: soiléiriú a lorg (*Cad é sin?)*, iarraidh ar dhuine rud a rá an dara huair *(Abair arís é, le do thoil)* nó a rá go bhfuil rud éigin ann nach dtuigeann siad *(Ní thuigim)*.

Déantar tástáil ar chumas bunúsach sochtheangeolaíochta chomh maith. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann frásaí simplí a úsáid chun bunteagmháil shóisialta a

© *Ollscoil Mhá Nuad*

dhéanamh, m.sh. beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt nó leithscéal a ghabháil.

© *Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 1: Comhrá ginearálta

Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 3-4 nóiméad.

- ***An réamhchaint*** (gan marc ar bith)

*Cuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna an-bhunúsach ar an iarrthóir ag an tús chun é/í a chur ar a s(h)uaimhneas.*
*Seo roinnt samplaí de na cineálacha ceisteanna a d'fhéadfaí a chur sa rannóg seo:*

Dia duit / Dia is Muire duit.
Cad é mar tá tú? / Cén chaoi a bhfuil tú? / Conas tá tú?
An bhfuil tú go maith?
Cad is ainm duit? / Cá hainm atá ort? / Cén t-ainm atá ort?
Tá sé go deas bualadh leat.

- ***Ceisteanna sa scrúdú féin***

*Déanfaidh an scrúdaitheoir ceisteanna a roghnú ó roinnt de na topaicí atá le fáil sa siollabas, mar shampla cúlra agus áit chónaithe, an teaghlach, cúrsaí oibre, caitheamh aimsire, laethanta saoire agus taisteal.*
*Seo thíos samplaí de na cineálacha ceisteanna a chuirfear:*

Cá bhfuil tú i do chónaí?
Cén obair a dhéanann tú?
Cén áit a bhfuil tú ag obair?
An imríonn tú aon spórt?
An dtéann tú go dtí an phictiúrlann?
An raibh tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite?

© *Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 2: Rólghníomhaíocht

## Rólghníomhaíocht shamplach 1: Ceolchoirm

### Ábhar an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:
  *Bhí tú ag ceolchoirm. Tá eolas faoin gceolchoirm ar an gcárta atá agat ansin. Anois, cuirfidh mise cúpla ceist ort faoin gceolchoirm.*
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar dtús. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar cheolchoirm eile.

***Cárta an iarrthóra***

**Óstán na Farraige**
**An Spidéal**
**Co. na Gaillimhe**

Ceolchoirm mhór

| | |
|---|---|
| Lá? | Oíche Dé hAoine, 4 Iúil |
| Am? | 8.30pm |
| Ticéid? | €20 (€10 páistí) |
| Gach eolas? | 091 764964 |

***Cárta an scrúdaitheora***

*Anois, tá cárta eile agamsa, cárta faoi cheolchoirm eile. Anois, cuir tusa ceisteanna ormsa faoin gceolchoirm sin.*

**Óstán an Ghleanna**
**An Bóthar Ard, Trá Lí,**
**Co. Chiarraí**

Ceolchoirm mhór

| | |
|---|---|
| Lá? | Oíche Dé Sathairn, 5 Lúnasa |
| Am? | 7.30pm |
| Ticéid? | €10 (€5 páistí) |
| Gach eolas? | 066 321456 |

***Comhrá samplach***

***S: Cá raibh an cheolchoirm ar siúl?***
I: In Óstán na Farraige.
***S: Agus cén áit a bhfuil sé sin?***
I: Ar an Spidéal i nGaillimh.
***S: Cén oíche a bhí sé ar siúl?***
I: Oíche Dé hAoine, an ceathrú lá de mhí Iúil.
***S: Cén t-am a thosaigh an cheolchoirm?***
I: Ag leathuair tar éis a hocht.
***S: Agus cé mhéad a bhí ar na ticéid?***
I: Fiche euro nó deich euro do pháistí.
***S: Cén uimhir atá ag an óstán?***
I: 091 764 964.
***S: Go raibh míle maith agat.***

© Ollscoil Mhá Nuad

# Rólghníomhaíocht shamplach 2: Cúrsa Gaeilge
## Ábhar an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:
  *Tá tú ag déanamh cúrsa Gaeilge. Tá eolas faoin gcúrsa ar an gcárta atá agat ansin. Anois, cuirfidh mise cúpla ceist ort faoin gcúrsa.*
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar dtús. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar chúrsa eile Gaeilge.

***Cárta an iarrthóra***

| **Cúrsa Gaeilge** | |
|---|---|
| Áit? | Scoil an Phobail |
| Ar siúl? | Gach Luan |
| Am? | 7.00-8.30pm |
| Costas? | €90 |
| Múinteoir? | Pádraig/Corcaigh |
| Gach eolas? | (054) 820190 |

***Cárta an scrúdaitheora***

*Anois, tá cárta eile agamsa, cárta faoi chúrsa eile. Anois, cuir tusa ceisteanna ormsa faoin gcúrsa sin.*

| ***Cúrsa Gaeilge*** | |
|---|---|
| Áit? | Bunscoil na Carraige |
| Ar siúl? | Gach Déardaoin |
| Am? | 7.30–9.00pm |
| Costas? | €100 |
| Múinteoir? | Aoife/Gaillimh |
| Gach eolas? | (021) 543786 |

***Comhrá samplach***

***S:*** ***Cá bhfuil an cúrsa ar siúl?***
I: I Scoil an Phobail.
***S:*** ***Cén uair a bhíonn sé ar siúl?***
I: Bíonn sé ar siúl gach Dé Luain.
***S:*** ***Cén t-am a bhíonn an rang ar siúl?***
I: Idir a seacht agus leathuair tar éis a hocht.
***S:*** ***Cé mhéad a chosnaíonn an cúrsa?***
I: Nócha euro.
***S:*** ***Cad is ainm don mhúinteoir?***
I: Pádraig is ainm dó agus is as Corcaigh é.
***S:*** ***Cén uimhir atá ag an scoil?***
I: 054 820190.
***S:*** ***Go raibh míle maith agat.***

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# Rólghníomhaíocht shamplach 3: Club leabhar
## Ábhar an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:
  *Tá tú i do bhall de chlub leabhar. Tá eolas faoin gclub ar an gcárta atá agat ansin. Anois, cuirfidh mise cúpla ceist ort faoin gclub.*
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar dtús. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar chlub leabhar eile.

***Cárta an iarrthóra***

| **Club leabhar!** | |
|---|---|
| Áit? | Caifé Mháire<br>Sráid na Gréine, Baile Átha Cliath |
| Lá? | Dé Máirt |
| Am? | 8.30pm |
| Costas? | €5 |
| Gach eolas? | 01 584 3107 |

***Cárta an scrúdaitheora***

*Anois, tá cárta eile agamsa, cárta faoi chlub leabhar eile. Anois, cuir tusa ceisteanna ormsa faoin gclub sin.*

| ***Club leabhar!*** | |
|---|---|
| Áit? | Teach tábhairne Uí Shé<br>Corcaigh |
| Lá? | Déardaoin |
| Am? | 5.30pm |
| Costas? | Saor in aisce |
| Gach eolas? | 021 468 9081 |

***Comhrá samplach***

***S: Cén áit a mbíonn an club leabhar ar siúl?***

I: I gcaifé Mháire.

***S: Agus cá bhfuil sé sin?***

I: Sráid na Gréine, i mBaile Átha Cliath.

***S: Cén lá a bhíonn an club leabhar ar siúl?***

I. Bíonn sé ar siúl gach Dé Máirt.

***S: Cén t-am a bhíonn sé ar siúl?***

I: Ag leathuair tar éis/i ndiaidh a hocht.

***S: Cén costas atá air? / An bhfuil costas air?***

I: Cúig euro.

***S: Cén uimhir theileafóin atá ag an gclub?***

I: 01 584 3107

***S: Go raibh míle maith agat.***

© Ollscoil Mhá Nuad

# Rólghníomhaíocht shamplach 4: Dráma
## Ábhar an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:
  *Bhí tú ag dráma nua. Tá eolas faoin dráma ar an gcárta atá agat ansin. Anois, cuirfidh mise cúpla ceist ort faoin dráma.*
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar dtús. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar dhráma eile.

***Cárta an iarrthóra***

**Dráma**

**'Saoire sa Spáinn'**

Áit? An Amharclann Bheag
Sráid na Trá, Corcaigh
Lá? Dé Sathairn, 3 Bealtaine
Am? 7.30 pm
Ticéad? €20
Gach eolas? (021) 329 8075

***Cárta an scrúdaitheora***

*Anois, tá cárta eile agamsa, cárta faoi dhráma eile. Anois, cuir tusa ceisteanna ormsa faoin dráma sin.*

***Dráma***

**'Oíche faoin tuath'**

Áit? Halla an Phobail
Baile an tSléibhe
Lá? Dé hAoine
Am? 8.30 pm
Ticéad? €25
Gach eolas? (074) 215 908

***Comhrá samplach***

***S: Cad is ainm don dráma nua?***
I: Saoire sa Spáinn.
***S: Cén áit a raibh an dráma ar siúl?***
I: San Amharclann Bheag.
***S: Agus cén áit a bhfuil sé sin?***
I: Sráid na Trá, i gCorcaigh.
***S: Cén lá a bhí an dráma ar siúl?***
I: Dé Sathairn, an tríú Bealtaine.
***S. Cén t-am a bhí an dráma ar siúl?***
I. Ag leathuair tar éis / i ndiaidh a seacht.
***S: Cén costas/cé mhéad a bhí ar na ticéid?***
I: Fiche euro.
***S: Cén uimhir theileafóin atá ag an amharclann?***
I: 021 329 8075.
***S: Go raibh míle maith agat.***

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 2: Rólghníomhaíocht

## Sampla 1: Ceolchoirm, Cárta an iarrthóra

### Cuid 2A

***Bhí tú ag ceolchoirm.***
***Tá eolas faoin gceolchoirm ar an gcárta thíos.***

- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

**Óstán na Farraige**
**An Spidéal**
**Co. na Gaillimhe**

Ceolchoirm mhór

| | |
|---|---|
| **Lá?** | Oíche Dé hAoine, 4 Iúil |
| **Am?** | 8.30pm |
| **Ticéid?** | €20 (€10 páistí) |
| **Gach eolas?** | 091 764964 |

### Cuid 2B

- Tá cárta eile ag an scrúdaitheoir faoi cheolchoirm eile.
- Cuir tusa ceisteanna air/uirthi anois faoin gceolchoirm sin.

---

# CUID 2: Rólghníomhaíocht

## Sampla 2: Cúrsa Gaeilge, Cárta an iarrthóra

### Cuid 2A

***Tá tú ag déanamh cúrsa Gaeilge.***
***Tá eolas faoin gcúrsa ar an gcárta thíos.***

- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

**Cúrsa Gaeilge**

| | |
|---|---|
| **Áit?** | Scoil an Phobail |
| **Ar siúl?** | Gach Luan |
| **Am?** | 7.00-8.30pm |
| **Costas?** | €90 |
| **Múinteoir?** | Pádraig/Corcaigh |
| **Gach eolas?** | (054) 820190 |

### Cuid 2B

- Tá cárta eile ag an scrúdaitheoir faoi chúrsa eile.
- Cuir tusa ceisteanna air/uirthi anois faoin gcúrsa sin.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 2: Rólghníomhaíocht

## Sampla 3: Club leabhar, Cárta an iarrthóra

### Cuid 2A

***Tá tú i do bhall de chlub leabhar.***
***Tá eolas faoin gclub ar an gcárta thíos.***

- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

**Club leabhar!**

| | |
|---|---|
| **Áit?** | Caifé Mháire<br>Sráid na Gréine, Baile Átha Cliath |
| **Lá?** | Dé Máirt |
| **Am?** | 8.30pm |
| **Costas?** | €5 |
| **Gach eolas?** | 01 584 3107 |

### Cuid 2B

- Tá cárta eile ag an scrúdaitheoir faoi chlub leabhar eile.
- Cuir tusa ceisteanna air/uirthi anois faoin gclub sin.

---------------------------------------------------------✂---------------------------------------------------------------------

# CUID 2: Rólghníomhaíocht

## Sampla 4: Dráma, Cárta an iarrthóra

### Cuid 2A

***Bhí tú ag dráma nua.***
***Tá eolas faoin dráma ar an gcárta thíos.***

- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

***Dráma***

**'Saoire sa Spáinn'**

| | |
|---|---|
| **Áit?** | An Amharclann Bheag<br>Sráid na Trá, Corcaigh |
| **Lá?** | Dé Sathairn, 3 Bealtaine |
| **Am?** | 7.30 pm |
| **Ticéad?** | €20 |
| **Gach eolas?** | (021) 329 8075 |


### Cuid 2B

- Tá cárta eile ag an scrúdaitheoir faoi dhráma eile.
- Cuir tusa ceisteanna air/uirthi anois faoin dráma sin.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 3: Cur síos ar phictiúr
# Sampla 1

Tá nóiméad amháin agat le breathnú ar an bpictiúr thíos. Ansin, inis don scrúdaitheoir faoi na rudaí atá le feiceáil sa phictiúr.




*© Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 3: Cur síos ar phictiúr
# Sampla 2


Tá nóiméad amháin agat le breathnú ar an bpictiúr thíos. Ansin, inis don scrúdaitheoir faoi na rudaí atá le feiceáil sa phictiúr.




*© Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 3: Cur síos ar phictiúr
## Sampla 3

Tá nóiméad amháin agat le breathnú ar an bpictiúr thíos. Ansin, inis don scrúdaitheoir faoi na rudaí atá le feiceáil sa phictiúr.



*© Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 3: Cur síos ar phictiúr
# Sampla 4

Tá nóiméad amháin agat le breathnú ar an bpictiúr thíos. Ansin, inis don scrúdaitheoir faoi na rudaí atá le feiceáil sa phictiúr.




*© Ollscoil Mhá Nuad*